2024/1492

27.5.2024

CINNEADH (AE) 2024/1492 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 22 Bealtaine 2024

lena gceaptar beirt Bhreithiúna den Chúirt Bhreithiúnais

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige trí bhreitheamh déag agus cúigear Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, daoine a cheapadh sna poist sin don tréimhse dar tús an 7 Deireadh Fómhair 2024 agus dar críoch an 6 Deireadh Fómhair 2030.

(2) Moladh go gceapfaí Massimo CONDINANZI agus Ramona FRENDO don chéad téarma oifige ina gcáil mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais.

(3) Thug an painéal – a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh – tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030:

— Massimo CONDINANZI,

— Ramona FRENDO.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2024.

An tUachtarán

D. VAN DE VOORDE